



FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

AR AN TUARASCAL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Institiúidí an Aontais agus COVID-19

Freagairt thapa déanta, ach tá dúshlán fós romhainn chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú

Ábhar

I. RÉAMHRÁ GINEARÁLTA DO NA FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN.....	2
II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE.....	2
Moladh 1 - Suaití fadtéarmacha agus an comhar idirinstiúideach a chur san áireamh sna pleananna leanúnachais gnó	2
Moladh 2 - Digitiú seirbhísí riaracháin a fhorbairt a thuilleadh.....	3
Moladh 3 - Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na mbealaí nua oibre sa timpeallacht iar-COVID-19	3

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den Rialachán Airgeadais, agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. RÉAMHRÁ GINEARÁLTA DO NA FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

Is mór ag an gCoimisiún an toradh foriomlán dearfach de chuid na tuarascála iniúchóireachta agus an t-aitheantas a thugtar inti dá fhreagairt thráthúil agus sholúbtha. Cuireann an Coimisiún fáilte freisin roimh an gcur chuige réamhbhreathnaitheach a ghlac an Chúirt Iniúchóirí ina gcuid moltaí.

Cuireann na moltaí san áireamh an obair a thionscain an Coimisiún. I gcomhréir leis an gcéad mholadh, sheol Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin cleachtadh ceachtanna foghlamtha ina raibh na príomhsheirbhísí tacaíochta uile páirteach. Cothóidh conclúidí an chleachtaidh sin athbhreithniú ar na nósanna imeachta, próisis agus uirlisí leanúnachais gnó atá ag an gCoimisiún chun é féin a oiriúnú don timpeallacht iar-COVID-19.

Ar an gcaoi chéanna, bhí tús curtha cheana leis an ngluaiseacht i dtreo riaracháin an Choimisiúin a dhigitiú sular thosaigh éigeandáil COVID-19, ach mar sin féin chuir an éigeandáil dlús breise leis an tionscnamh sin, as ar tháinig rolladh amach luathaithe uirlisí comhair agus treisiú na cibearshlándála. Leanfar den obair sin faoin straitéis dhigiteach nua de chuid an Choimisiúin atá ar na bacáin.

Ar deireadh, d'athraigh paindéim COVID-19 an chaoi a mbíonn foireann an Choimisiúin ag obair. An 24 Márta 2022, glacadh an Cinneadh maidir le hUaireanta Oibre agus Obair Hibrideach. Tugtar isteach leis socruithe oibre atá hibrideach agus dírithe ar thorthaí. Le clásal athbhreithnithe sa Chinneadh cuirfear ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar na bealaí nua oibre sa timpeallacht iar-COVID-19. An 5 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún Straitéis nua um Acmhainní Daonna chomh maith le Teachtaireacht maidir le Glasú an Choimisiúin – lenar chuir an dá rud ceachtanna a foghlaimíodh ón éigeandáil san áireamh – chomh maith le pleananna gníomhaíochta tionlacain.

II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

Moladh 1 – Suaití fadtéarmacha agus an comhar idirinstiúideach a chur san áireamh sna pleananna leanúnachais gnó

Spriocdháta cur chun feidhme: R1 2023

Glacann an Coimisiún leis an moladh a mhéid a bhaineann sé leis.

Cé nach raibh forálacha sonracha le haghaidh bristeacha fadtéarmacha agus comhar idirinstiúideach ann go sainráite sna pleananna leanúnachais gnó, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur i dtábhacht go raibh na socruithe foluiteacha ar bun chun oiriúnú tapa a chur i bhfeidhm i leith éigeandáil COVID-19. Sheol an Coimisiún cleachtadh ceachtanna

foghlamtha go luath in 2022 agus déanfaidh sé na pleananna leanúnachais gnó a nuashonrú i gcomhréir leis na conclúidí agus leis na moltaí ón gCúirt.

Fad agus go bhfuil sé tiomanta don chomhar idirinstiúideach a chomhtháthú sna pleananna leanúnachais gnó, tugann an Coimisiún dá aire gur rud é sin a bhíonn ag brath ar thiomantas instiúidí eile ina leith freisin.

Moladh 2 – Digitiú seirbhísí riaracháin a fhorbairt a thuilleadh

Spriocdháta cur chun feidhme: R4 2023

Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thiomantas maidir le digitiú na seirbhísí riaracháin a neartú a thuilleadh agus glacann sé leis an moladh.

(a) Rolladh amach sreafaí oibre gan pháipéar a chur chun cinn agus leathnú a chur le húsáid an tsínithe leictreonaigh, lena n-áirítear sínithe leictreonacha cáilithe;

Glacann an Coimisiún le moladh 2a. Mar sin féin, mar thoradh ar an gcastacht theicniúil agus líon na gcóras TF atá i gceist, ní féidir leis an gCoimisiún a ráthú go mbeifear tar éis síniú leictreonach (EU Sign) a chomhtháthú go hiomlán sna Córais chorparáideacha TF uile de chuid an Choimisiúin faoi R4 2023. Soláthraíonn an Coimisiún sínithe leictreonacha cáilithe gréasánbhunaithe cheana d'Oifigigh Údarúcháin trí Fhotharmligean agus leathnóidh sé an úsáid a bhaintear as sínithe leictreonacha cáilithe chuig gach córas/próiseas a shaináithnítear a bheith in ann tairbhiú dá n-úsáid laistigh den chreat ama a luaitear.

(b) faireachán a dhéanamh agus leathnú a chur ar úsáid sonrasc leictreonach.

Glacann an Coimisiún le moladh 2b. Beidh ar áireamh sa chlár Ríomhsholáthair, atá á fhorbairt, céim an Ríomhshonrasctha. Rannchuideoidh sé sin le leathnú a chur ar úsáid na sonrasc leictreonach.

Moladh 3 – Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na mbealaí nua oibre sa timpeallacht iar-COVID-19

Spriocdháta cur chun feidhme: R2 2024

Glacann an Coimisiún le moladh 3, agus lena fo-mholtaí, agus tugann sé dá aire go bhfuil ar áireamh sa Chinneadh maidir le hUaireanta Oibre agus Obair Hibrideach clásal athbhreithnithe lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chinnidh ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2023. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le coigeartuithe ar an gCinneadh, tar éis comhbheartú a dhéanamh leis na ceardchumainn.